

Bileog Ullmhúcháin Liotúirge

Chun Iarrthóirí a Chlárú don Chóineartú ó Scoil _____
mar chuid d'Aifreann an Domhnaigh

Is féidir a áitiú gurb é Aifreann an Domhnaigh an suíomh is oiriúnaí chun iarrthóirí a chlárú le haghaidh Cóineartaithe. Ar an mbealach seo, cuirtear na hiarrthóirí i láthair a bpobail creidimh féin le linn cheiliúradh na hEocairiste. Is féidir an bhileog ullmhúcháin seo a úsáid chun pleanáil a dhéanamh do chlárú iarrthóirí don Chóineartú mar chuid d'Aifreann Dé Domhnaigh. Samhlaítear go gcríochnófar an bhileog phleanála seo ag cruinniú, áit a bheidh ionadaithe ó bhaill an teaghlaigh, na scoile agus an pharóiste i láthair.

RÉAMH-NÓTAÍ

Dáta: _____

Am: _____

Ceiliúraí (Ceiliúraithe): _____

Geol

Sa chás go soláthraíonn cór paróiste an ceol d'Aifreann an Domhnaigh de ghnáth, tá sé tábhachtach teagmháil a dhéanamh leo i bhfad roimh ré. Ní thugtar moltaí faoi iomainn thíos, mar sin ná bíodh eagla ort roghanna oiriúnacha a úsáid, ag cinntiú go gcuirtear na focail le canadh ar fáil don phobal iomlán.

Teastais Gealltanais

Caithefear an líon riachtanach de na Teastais Gealltanais a cheannach nó a ullmhú roimh ré.

Ag ullmhú Foirgneamh an tSéipéil

Is maith le go leor múinteoirí oibriú le pobal an pharóiste chun an séipéal a mhaisiú, ionas go mbeidh sé fáilteach agus cairdiúil do pháistí agus do theaghlaigh, agus chun onóir a thabhairt don ócáid speisialta atá á ceiliúradh. Tá roinnt pointí le cur san áireamh sa chás seo:

- Tugann bláthanna onóir d'ár dteagmháil le Dia. Is cuí bláthanna a chur timpeall an sanctóra ach ní ar an altóir féin. Is féidir bláthanna a chur sa halla iontrála/sa phóirse chun fáilte agus féile a chur in iúl. Tá sé tábhachtach nach dtarraingeoidh bláthanna, coinne nó rudaí eile aird ón gceantar thart ar an dtuibearnacal le linn an Aifrinn. Tugtar 'Sacraimint in Áirithe' ar na habhlanna coisricthe sa taibearnacal mar go bhfuil na habhlanna seo curtha in áirithe le húsáid le haghaidh cuairteanna ar dhaoine breoite agus mar ábhar adhartha agus paidreoireachta lasmuigh den Aifreann. Tugann an lampa sanctóra i gcuimhne dúinn go bhfuil an Sacraimint in Áirithe sa taibearnacal agus go bhfuilimid in áit an-naofa.
- Ní gá do na páistí saothar ealaíne a ullmhú don séipéal. I gcásanna áirithe, is féidir le saothar ealaíne na bpáistí aird a thógáil ón searmanas féin. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach, áfach, saothar ealaíne na bpáistí a thaispeáint i halla iontrála/póirse an tséipéil.

NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

Iomann/Amhrán Iontrála

Fíor na Croise agus Beannú

Focail Fáilte

- B'fhéidir go gcuirfeadh ionadaí paróiste fáilte roimh na hiarrthóirí don Chóineartú agus a dteaghlaigh chuig an liotúirge. Is féidir leis an duine seo a chur in iúl do na daoine óga go bhfuil siad ag ullmhú le bheith ina mbaill iomlána den Eaglais, agus gur ábhar mór áthais é seo do phobal an pharóiste. Dearbhaigh do na daoine óga agus dá dtuismitheoirí go mbeidh pobal an pharóiste ag guí ar a son.

Gníomh Aithrí

An Ghlóir

(Ná habair í le linn an Charghais agus na hAidbhinte)

An Urnaí

LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

Nuair a dhéantar Clárú don Chóineartú a cheiliúradh laistigh d'Aifreann Dé Domhnaigh is gá léachtaí agus salm an lae a leanúint. Ach amháin dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu, ní gá cóip de fhocail na léachtaí a bheith ag an bpobal.

Is gá an chéad agus an dara léacht a fhógairt ón Leicseanár. De ghnáth fógraíonn 'Léitheoir/Léachtóir' Briathar Dé ag an Aifreann. Tá an duine seo oilte agus coimisiúnaithe don obair seo san eaglais. Ní 'léitear' Briathar Dé ag an Aifreann, fógraítear é. Mar sin, is é an duine is oiriúnaí chun an obair seo a dhéanamh ná Ministir an Bhriathair atá oilte chun an obair seo a dhéanamh.

An Chéad Léacht (Sean Tiomna)

Téacs: _____

Fógraithe ag: _____

An Salm le Freagra

Ba chóir an salm a chanadh. Tá sé faoi stiúir an salmaire, an chantóra nó an chóir. Ba chóir go mbeadh sé éasca don pobal agus do na ministrí uile a bpáirt a ghlacadh agus an freagra a chanadh gach uair.

Faoi stiúir _____

An Dara Léacht (An Tiomna Nua)

Téacs: _____

Fógraithe ag: _____

Comhgháir an tSoiscéil

Ba chóir Comhgháir an tSoiscéil a chanadh. Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir i ndiaidh an chantóra nó an chóir. Canann an cantóir nó an cór an véarsa.

Déanann an pobal agus na ministrí go léir athrá ar an gcomhgháir tar éis an véarsa a chanadh.

An véarsa canta ag: _____

An Soiscéal

Fógraithe ag: _____ (sagart/deochain)

SEARMANAS CLÁRAITHE

Tar éis homaile gairid, ba cheart na hiarrthóirí don Chóineartú a chlárú mar seo a leanas. Tá ceithre ghné sa chuid seo den liotúirge:

1. Ainmneacha a Ghlaó
2. Gealltanais a Dhéanamh
3. Síniú sa Leabhar Clárúcháin
4. Bronnadh na dTeastas Gealltanais

1. Ainmneacha a Ghlao

Ba chóir cuireadh a thabhairt d'ionadaí ó choiste na dtuismitheoirí (nó beirt, má tá líon mór leanaí ann) liosta ainmneacha na n-iarrthóirí don Chóineartú a léamh amach. Má tá líon beag iarrthóirí don Chóineartú ann, b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach dóibh féin agus dá dtuismitheoir(i)/gcaomhnóir(i) seasamh sa sanctóir don chuid seo den liotúirge. Seachas sin, ba chóir cuireadh a thabhairt do na hiarthóirí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí seasamh nuair a iarrtar orthu é.

Tuismitheoir(i)/Caomhnóir(i): _____

Réamhrá: Seo iad na buachaillí agus na cailíní a shocraigh a bheith cláraithe mar iarrthóirí don Chóineartú inár bparóiste i mbliana.

2. Gealltanais a Dhéanamh

Ba cheart go mbeadh deis ag na páistí na gealltanais Cóineartaithe a léamh agus a phlé sa bhaile agus ar scoil roimh an Searmanas Cláraithe. Ba chóir don sagart/deochain na gealltanais a léamh.

Réamhrá: A Iarrthóirí don Chóineartú, nuair a baisteadh sibh, thug do theaghlach gealltanais áirithe ar bhur son. Tá sibh fásta go leor anois chun na gealltanais sin a dhéanamh díbh féin. Ar an lá a cheiliúran sibh Sacraimint an Chóineartaithe neartófar an Spiorad Naomh, a tugadh daoibh ag an mBaisteadh, ionaibh, agus cuideoidh sé libh leanúint ar aghaidh ag maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

Idir seo agus lá an Chóineartaithe, tugaimid cuireadh daoibh ullmhú go gníomhach do cheiliúradh na sacraiminte. Má tá sibh sásta é seo a dhéanamh, freagair le do thoil, 'Déanfaidh mé' mar fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

1. San urnaí, glaonn Dia go dícheallach ar gach duine againn. An ndéanfaidh tú iarracht freagra a thabhairt ar an nglao seo trí am a thógáil chun guí chuig Dia gach lá?
2. Ag an Aifreann, faighimid neart agus cothú chun grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa. An ndéanfaidh tú iarracht a bheith páirteach le do phobal paróiste ag an Aifreann gach seachtain?
3. Múineann Íosa dá lucht leanúna meas, caoinfhulaingt agus comhbhá a bheith acu. An ndéanfaidh tú iarracht maireachtáil mar leantóir Íosa trí do dhícheall a dhéanamh maireachtáil mar a iarrann sé?
4. Nuair a roghnaímid neamhshuim a dhéanamh de Dhia, peacaímid. Nuair a pheacaímid, déanaimid damáiste dár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile. An ndéanfaidh tú Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh sna míonna amach romhainn, agus an bhfaighidh tú maithiúnas grámhar Chríost as do pheacaí?
5. Tá sé tábhachtach ullmhú go cúramach do na sacraimintí. An ndéanfaidh tú an iarracht is fearr atá agat ullmhú do Shacraimint an Chóineartaithe ar scoil agus sa bhaile?

Críoch: Is geallúintí dúshlánacha iad seo. Bíodh a fhios agaibh go mbeidh pobal an pharóiste seo ag guí ar bhur son agus sibh ag iarraidh bhur ndícheall a dhéanamh iad a choinneáil. Leanfaidh bhur múinteoirí scoile ag cabhrú libh freisin. Beidh bhur dtuismitheoirí agus baill teaghlaigh, na céad múinteoirí agus na múinteoirí is fearr, ann i gcónaí chun tacú libh. Agus mar sin a thuismitheoirí agus a chaomhnóirí, fiafraímid díbh, an gcabhróidh sibh le bhur bpáistí na gealltanais atá tugtha acu a choinneáil?

Tuismitheoirí: Déanfaimid.

3. Síniú sa Leabhar Clárúcháin

Ba chóir an Leabhar Clárúcháin a choinneáil ó bhliain go bliain. Ba chóir é a thaispeáint go feiceálach sa séipéal idir an searmanas cláraithe agus ceiliúradh Sacraimint an Chóineartaithe.

Má bhíonn líon mór iarrthóirí ann, is féidir leis na hiarrthóirí an Leabhar Clárúcháin a shíniú roimh ré (ar scoil) agus a chur i láthair tar éis na gealltanais a dhéanamh. Má bhíonn na huimhreacha níos lú, ba chóir do na hiarrthóirí an leabhar a shíniú le linn an tsearmanais. Cuideoidh ceol machnamhach/uirlise chun atmaisféar urnaí a choinneáil le linn an chuid seo den searmanas.

Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí don Chóineartú teacht ar aghaidh chun an Leabhar Clárúcháin a shíniú.

4. Bronnadh na dTeastas Gealltanais

De réir mar a thagann na hiarrthóirí ar aghaidh chun an Leabhar Clárúcháin a shíniú, ba chóir don cheiliúraí fáilte a chur rompu agus a dTeastais Gealltanais a thabhairt dóibh. Ba chóir iad a spreagadh chun é a shíniú agus é a thaispeáint go feiceálach sa bhaile, ionas go smaoinoidh siad ar na gealltanais a rinne siad. Muna bhfuil na hiarrthóirí chun an Leabhar Clárúcháin a shíniú, ba cheart dóibh teacht ar aghaidh ag an am seo chun a dTeastais a fháil.

An Chré

Guí an Phobail

Is é an deochain a chuireann na hintinní le haghaidh Guí an Phobail i láthair. Muna mbíonn deochain i láthair, cuireann ionadaí eile ón bpobal na hintinní i láthair. Go hidéalach, áfach, ní chuireann ach duine amháin na hintinní seo i láthair, ionas go mbeidh fócas an phobail iomláin ar an urnaí, agus ní ar an duine atá á gcur i láthair. Má chuireann duine de na hiarrthóirí intinn i láthair, bheadh sé fiúntach an téacs a bheith cumtha ag an bpáiste féin, le cabhair.

Réamhrá ón sagart

Intinní Samplacha

1. Guímis ar son ár dteaghlaigh;
(sos chun guí)
go mbeadh beannacht Dé orthu i gcónaí agus go sábhála Dia iad.
A Thiarna, éist linn.
2. Guímis ar son ár múinteoir(i) _____ agus ár sagart (sagairt) _____;
(sos chun guí)
go mbeannaí Dia iad i gcónaí.
A Thiarna, éist linn.
3. Guímis ar son gach duine (againn) atá ag ullmhú chun sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh;
(sos chun guí)
go mbeidh cumhacht an Spioraid acu (againn) chun Íosa a leanúint.
A Thiarna, éist linn.

4. Guímis ar a son na daoine a gcaitear go héagórach leo;
(*sos chun guí*)
go bhféadfaimis gach rud is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leo agus chun tacú leo.
A Thiarna, éist linn.
5. Guímis ar son an domhain;
(*sos chun guí*)
go dtabharfaimid meas agus cúram dó i gcónaí.
A Thiarna, éist linn.
6. Guímis ar son na daoine a fuair bás;
(*sos chun guí*)
go mbeidh síocháin acu le Dia ar neamh.
A Thiarna, éist linn.

Críochnaithe ag an sagart, agus cuireadh tugtha do gach duine An Phaidir a rá.

LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

Ullmhú agus Cur i Láthair na mBronntanas: Is iad na bronntanas a thugtar ar aghaidh ag an am seo ná arán agus fíon agus an t-airgead nó an bronntanas a bailíodh

Iomann Ofrála

- Ceol Uirlise
- Iomann oiriúnacha (Féach *I nGrá Dé*)

Canann an pobal agus na ministrí go léir na codanna seo a leanas den Aifreann:

- Is Naofa, Naofa, Naofa thú ... (*Sanctus*)
- Rúndiamhair an Chreidimh
- Áiméan Mór
- Uan Dé (*Agnus Dei*) (is féidir leis an gcór amháin é a sheinm)

Iomann don Chomaoineach

- Roghnaigh iomann oiriúnacha ó *I nGrá Dé*.

NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

Beannacht deiridh agus Gnás Scaipthe

Iomann/Amhrán Deiridh

Can iomann/amhrán oiriúnach.